C/2024/5679

19.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11683 – TURNER / DORNAN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5679)

1. An 12 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— The TURNER Corporation ('Turner'), Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoi rialú Actividades de Construcción y Servicios, ('ACS'), an Spáinn,

— Dornan Engineering Holdings Limited, ('Dornan'), Éire.

Gheobhaidh Turner rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Dornan ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Turner agus a mháthairchuideachta deiridh ACS seirbhísí tógála ar fud an domhain agus do gach cineál cliaint agus tionscail,

— Soláthraíonn Dornan seirbhísí innealtóireachta meicniúla agus leictrí, go háirithe i réimsí na lárionad sonraí agus na saoráidí eolaíochta beatha. Tá sé gníomhach go príomha in Éirinn, san Ísiltír agus sa Danmhairg, agus i dtíortha eile sna Eoraip, sa Ríocht Aontaithe agus san Eilvéis.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11683 – TURNER / DORNAN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË